CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 332/2022

an 9 Nollaig 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/1274]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1456 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na coinníollacha a shonrú faoina measfar na téarmaí tráchtála le haghaidh seirbhísí imréitigh do dhíorthaigh thar an gcuntar a bheith cothrom, réasúnach, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31bcx (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/731 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31bcy. **32021 R 1456**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1456 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na coinníollacha a shonrú faoina measfar na téarmaí tráchtála le haghaidh seirbhísí imréitigh do dhíorthaigh thar an gcuntar a bheith cothrom, réasúnach, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach (IO L 317, 8.9.2021, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Tarmligthe oiriúnaithe mar a leanas:

In Airteagal 3, maidir le Stáit LEE, is 'roimh dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 332/2022 ó Chomhchoiste LEE an 9 Nollaig 2022' a léifear in ionad na bhfocal 'roimh an 9 Meán Fómhair 2021', agus is 'laistigh de bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 332/2022 ó Chomhchoiste LEE an 9 Nollaig 2022' a léifear in ionad na bhfocal 'faoin 9 Meán Fómhair 2022'.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1456 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Nollaig 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 50/2021 ó Chomhchoiste LEE an 5 Feabhra 2021 ([2]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 317, 8.9.2021, lch. 1.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

([2]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON